# Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!




Cairt Phan Cheilteach á bronnadh ag Con Ó Conaill ar an gComhairleoir Seán Ó Piondair, Meara Cheatharlach agus ar an gComhairleoir Charlie Ó Murchú, Cathaoirleach Chontae Cheatharlach

## Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach ar ais i gCeatharlach

Bhí breis is ochtó duine i láthair nuair a fógraíodh go hoifigiúil go reachtálfar an Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach i gCeatharlach sa bhliain 2016 agus arís i 2017. Ag ócáid phoiblí a tionóladh in Áras Chontae Chontae an Chéadaoin seo caite glacadh go fáiltiúil leis an deascéal go bhfillfidh an fhéile ársa ar Cheatharlach tar éis a bheith anseo cheana trí bliana ó shin. Beidh féile na bliana seo chugainn ar siúl ó 29 Márta go 3Aibreán.

Bhí sceitimíní ar a raibh bailithe le chéile i Seomra na Comhairle nuair a d'fhógair Con Ó Conaill, Príomhfheidhmeannach Phan Cheilteach, go Ceatharlach roghnaithe mar óstbhaile na féile thar dhá bhliain eile. Bhronn sé an Chairt Phan Cheilteach ar an gComhairleoir Charlie Ó Murchú, Cathaoirleach Chomhairle Chontae agus ar an gComhairleoir Seán Ó Piondair, Méara an Bhaile. Agus é ag glacadh leis an gCairt dúirt an Cathaoirleach gur onóir mhór é do Cheatharlach a bheith roghnaithe mar óstbhaile don fhéile idirnáisiúnta seo agus go n-oireann Pan Cheilteach do bhaile Cheatharlach. Dúirt sé go ndeachaigh an ceol, amhránaíocht agus damhsa agus go háirithe an tsiamsaíocht faoin aer i bhfeidhm go mór ar an bpobal nuair a bhí an fheile anseo cheana.

Mhol sé muintir na háite as an fháilte a chuireadar roimh chuairteoirí agus rannpháirtithe ó na tíortha ceilteacha éagsúla a thaisteal go Ceatharlach. Gheall sé comhoibriú agus tacaíocht na n-údarás áitiúil d'fhéile na bliana seo chugainn. I láthair chomh maith bhí Bainisteoir an Chontae, comhairleoirí, ionadaithe ón earnáil gnó, eagarais dheonacha agus turasóireachta agus muintir an phobail i gcoitinn.

Sheol Bláthnaid Uí Bhrádaigh, Cathaoirleach choiste náisiúnta Pan Cheilteach clár na n-imeachtaí oifigiúla a bheidh ar siúl thar sé lá na féile. Dúirt sí go raibh an fhéile an-rathúil nuair a reachtáladh i gCeatharlach í cheana agus mhol sí muintir na háite as an fháilte chroíúil a chuireadar roimh na cuairteoirí agus rannpháirtithe ó na tíortha ceilteacha éagsúla. Dúirt sí gur léir gur bhain an pobal áitiúil an-taitneamh as an bhféile agus go gcabhróidh an taithí go mór chun féile den scoth a reachtáil arís an bhliain seo chugainn.

Beidh réimse leathan ar chlár na féile Pan Cheilteach 2015 ina measc comórtais amhránaíochta agus damhsa traidisiúnta, comórtas don amhrán cheilteach nua-chumtha, margadh an phobail, céilí faoin aer chomh maith le ceolchoirmeacha, taispeántais, scéalaíocht, siamsaíocht ar na sráideanna agus paráid na naisiún. Seoladh an suíomh idirlín nuadeartha www.panceltic.ie ar a mbeidh gach eolas faoi bhféile. Cuirfear fáilte roimh gach cabhair, moltaí agus smaointe.

Is féidir dul i dteagmháil le hoifig na féile ar 087 2857048, 059 9158105 nó 085 1340047 nó scríobh chuig pancelticcarlow@gmail.com. Bí páirteach!

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| Seomra na Comhairle | Council Chamber |
| fógraíodh | announced |
| sceitimíní | excitement |
| óstbhaile | host town |
| cairt | charter |
| rannpháirtithe | participants |
| rathúil | successful |
| taitneamh | enjoyment |
| siamsaíocht | entertainment |
| suíomh idirlín | website |

# Amhrán na Mara

Tá an scannán Amhrán na Mara' eisithe agus ar taispeáint i bpictiúrlanna áirithe timpeall na tíre. Is leagan Gaeilge é den mhórscannán do pháistí Song of the Sea a fuair ainmniúchán do ghradaim Oscar 2015. Cruthaithe ag Cartoon Saloon Chill Chainnigh fuair an scannán áit ar an ngearrliosta don Scannán Anamúlachta is Fearr i mbliana. I measc na ndaoine páirteach sa togra le Cartoon Saloon tá liosta le háireamh le haisteoirí aitheanta mar Brendan Gleeson, Fionnuala Flanagan, Pat Shortt agus Jon Kenny. Ba é Tomm Moore, an fear céanna a bhí taobh thiar den saothar rathúil eile The Secret of Kells, a stiúir an scannán nua.

An comhlacht Macalla a rinne an leagan Gaeilge agus is iad TG4 agus Údarás Craolacháin na hÉireann a chuir an maoiniú ar fáil.



Saoirse, an cailín óg in Amhrán na Mara

Is scannán gleoite draíochtúil é atá bunaithe ar scéal rúndiamhair na selchidh, mná a thiontaíonn ina rónta, agus a leanann eachtraí an chailín óig Saoirse agus a deartháir Ben. Is iad an grúpa ceoil Kíla, in éineacht leis an gcumadóir Bruno Coulais, a chum an ceol draíochta don scannán agus i measc na rianta ar an fhuaimrian tá an t-amhrán gleoite 'Amhrán na Farraige', atá á chanadh ag an amhránaí clúiteach Lisa Hannigan.

Táthar ag súil le 'Amhrán na Mara' a fheiceáil ar an scaileán mór anseo i gCeatharlach níos deanaí sa bhliain agus go cinnte ar an scáileán beag amach anseo.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| scannán | film |
| eisithe | released |
| pictiúrlanna | cinemas |
| leagan | version |
| ainmniúchán | nomination |
| anamúlacht | animation |
| selchidh | selkies |
| draíochtúil | magical |
| rúndiamhair | mysterious |
| fuaimrian | soundtrack |

## Na Ciorcail Ghaeilge ciúin don samhradh

Reachtálfar na Ciorcail Ghaeilge deireannacha i gCeatharlach an tseachtain seo roimh bhriseadh an tsamhraidh. Cuirfear fáilte roimh chainteoirí agus foghlaimeoirí na teanga ag ciorcal na maidine "Is Leor Beirt" ins an Músaem maidin amárach, Dé Céadaoin, 24ú Meitheamh ag 10.30r.n. Tiocfaidh an ciorcal "Sult" le chéile sa Teach Bar ar an Déardaoin, 25ú Meitheamh ag 9.00i.n. Bí ann agus fáilte. Ina dhiaidh sin scorfaidh na ciorcail chomhrá uilig don samhradh le filleadh ar ais arís sa fómhar. Idir an dá linn bímís ag caint is ag comhrá.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| ciúin | silent |
| deireannach | final |
| foghlaimeoirí | learners |
| ciorcal | circle |
| filleadh | returning |
| fómhar | autumn |






Pat, Dympna and Phillip Bramley at the official opening of the Omniplex cinema at Carlow Shopping Centre
Photo: Karl McDonough